AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
BRAINSE NA SCRÚDUITHE

**SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# CLÓSCRÍOBH
**(Ardleibhéal)**

**Dé hAOINE, 1 MEITHEAMH, 9.30 r.n. - 11.40 r.n.**

**TREORACHA**

## GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 - 9.40 r.n. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin*.
* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach á úsáid agat.
* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.
* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht 7rl, ach amháin sa Triail Chruinnis, (Ceist 1). Bainfear marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.
* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.
* Cuir d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann dod obair chríochnaithe. Cuir 'M' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).
* Ná cuir do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.
* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

**1. TRIAIL CHRUINNIS** (9.40 r.n. - 9.50 r.n.)

**2. LITIR GHNÓ**

2.1 Clóscríobh an litir seo sa bhfoirm cheart.

**3. RÁITEAS TÁBLAITHE**

3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata i ndúch.

**4. OBAIR THAISPEÁNA**

4.1 Clóscríobh agus taispeáin an **Biachlár**.

**5. FOIRM IARRATAIS A DHRÉACHTÚ**

5.1 Dréachtaigh an fhoirm de réir treoracha.

**CEIST 1 - TRIAIL CHRUINNIS** (Deich nóiméad ceadaithe)

**(a)** **Déan cóip charbóin ded chuid oibre.**

**(b)** **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill de 1".**

**(c)** **Dealófar marcanna má dhéantar ceartúcháin.**

**(d)** **Ní ghnóthófar breis marcanna má chlóscríobhtar an sliocht nó chuid de den dara huair.**

**(e)** **Tabhair an chóip chlóscríofa agus an chóip charbóin ded chuid oibre don Fheitheoir nuair a bheidh an triail chruinnis thart. Tabharfar iad seo ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun gur féidir leat do chuid oibre a chur in ord.**

Is iad an fhicheall, a bhíonn faoi chomaoin ag an intleacht, agus an dísle, a bhraitheann ar an ádh glan, a chuir tús leis an gcluiche áidh is mó tóir ar domhan – cártaí.

Is iomdha tír a rinne iarracht fionnachtain imirt chártaí, príomhchluiche áineasa an domhain, a éileamh. Ach le fírinne a rá níl dóthain eolais ann a thaispeánfadh go beacht an tús atá leo. Toisc gur thóg sé míle bliain ar pháipéar, a fionnadh sa tSín, an Eoraip a bhaint amach, creideann go leor taighdeoirí gur sa tír sin a fionnadh na cártaí, cé nach dtéann an paca is sine atá ar fáil ann ach siar go dtí timpeall 1400. Tá fianaise áfach a dheimhníonn go raibh cártaí imeartha san Eoraip roimhe sin. Tá cáipéis ó 1377 in Iarsmalann na Breataine i Londain agus an ceann is sine sa Spáinn ón mbliain dár gcionn, 1378. Roinnt dlíthe ón mbliain 1382 a chuir cosc le cluichí áidh, na cártaí san áireamh, dearbhaíonn siad leathadh gasta na gcártaí agus an tóir a bhí orthu go luath.

Bíonn difríocht idir na pacaí cártaí agus idir na cluichí a imrítear leo ó thír go tír. Sa Spáinn bíonn 40 nó 48 gcárta agus ceithre dhath sa phaca: boinn óir, coirn, claimhte nó cleitheanna roinnte idir 7 nó 9 gcárta uimhrithe agus trí chumraíocht: cnéamhaire, capall agus rí. Cuireann na hIodáiligh slat in áit na gcleitheanna agus feictear na rithe ina suí ar ríchathaoireachta. Bíonn uimhreacha ó 1 go 10 ar chártaí na Fraince móide na cumraíochtaí: rí, banríon agus giolla i gcearnóga, hairt, spéireataí agus triufanna. Imríonn na Sasanaigh leis na cártaí agus leis na cumraíochtaí céanna ach le siombail dhifriúla: muileataí, hairt, spéireataí agus triufanna.

**(25 marc)**

**CEIST 2 - LITIR GHNÓ**

**CLÓSCRÍOBH AN LITIR SEO A LEANAS LE DO THOIL. TÁ ROINNT DEARMAD LITRITHE, PONCAITHE AGUS GRAIMÉIR NACH MÓR A CHEARTÚ. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH DE DHÍTH.**

**(20 marc)**

**<u>CEIST 3 - RÁITEAS TABLÁCH</u>**

**AN RÁITEAS TABLÁITHE A LEANAS A CHLÓSCRÍOBH AGUS A RIALÚ, LE DO THOIL. GLACFAR LE STÍL BHLOIC NÓ LE STÍL LÁRNACH.**

**(25 marc)**

**<u>CEIST 4 – BIACHLÁR DÉTHAOBHACH</u>**

**AN BIACHLÁR A LEANAS A THAISPEÁINT AR BHILEOG A5 (PORTRAID) LE DO THOIL. BAIN FEIDHM AS TOSACH AGUS AS CÚL AN LEATHANAIGH. LÁRNAIGH AN TÉACS AR GACH LEATHANACH GO COTHROMÁNACH AGUS GO CEARTINGEARACH AGUS TAISPEÁIN GO hÉIFEACHTACH.**

**(15 marc)**

## CEIST 5 - FOIRM A DHRÉACHTADH

**Ó NA SONRAÍ A LEANAS DÉAN FOIRM OIRIÚNACH A DHRÉACHTADH. BAIN FEIDHM AS LÍNTE PONCAITHE NÓ LEANTACHA NUAIR IS CUÍ SIN. IS FÉIDIR BOSCAÍ, NUAIR A ÚSÁIDTEAR IAD, A RIANÚ DE LÁIMH NÓ LEIS AN gCLÓSCRÍOBHÁN.**

**(15 marc)**